

FÓGRA POIBLÍ

Agus aird ar fhorálacha Alt 42B(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, tugann Comhchoiste Oibreachais an Tionscail Slándála fógra leis seo gur cheap sé tograí chun Alt 1 Cuid 1 de I.R. 319 de 2024 a leasú (an ERO reatha a shocraíonn luach saothair agus coinníollacha oibre íosta d'oibríthe a n-oibríonn an Coiste ina leith).

Tá cóipeanna de na tograí, ar iarratas Chomhchoiste Oibreachais an Tionscail Slándála, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais www.labourcourt.ie

Féadfaidh aon duine ar mian leo uirill a dhéanamh maidir leis na tograí i bhfoirm aighneachta i scríbhinn sin a dhéanamh faoina 5.00 i.n., 4 Nollaig 2024.

Ba cheart uirill a sheoladh tríd an bpost chuig:
**An Rúnaí, Comhchoiste Oibreachais an Tionscail Slándála,
Áras Lansdún, Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, nó ar
ríomhphost go jlsecretary@enterprise.gov.ie**

Ní bhreithneofar uirill a fhaightear i ndiaidh an dáta sin.